Gaeilge
Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

# Treoirlínte d’Iarratais ar Urraíocht

Leagan 1 - Bealtaine 2025

## 1. Réamhrá

Is cuideachta í Gaeilge ABC a oibríonn chun an Ghaeilge a chur chun cinn i chuile réimse den saol i limistéar Bhearna - Chnoc na Cathrach. Oibríonn muid le muintir na háite, le naíonraí, scoileanna, gnólachtaí, clubanna spóirt agus le heagraíochtaí eile chun úsáid na Gaeilge a neartú, a chothú, a fhás agus a fhorbairt i saol sóisialta agus cultúrtha ár bpobal Gaeltachta.

Mar chuid den fhás agus den fhorbairt sin, gealltar i bPlean Teanga Bhearna – Chnoc na Cathrach go gcuirfear tacaíocht ar fáil do réimse leathan tograí sóisialta chomh maith le tograí forbartha pobail agus mar sin is féidir le Gaeilge ABC tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí pobal difriúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá na treoirlínte chun iarratais a chur isteach le Gaeilge ABC ar urraíocht ó eagraíochtaí incháilithe chomh maith le daoine aonair leagtha amach sa gcáipéis seo.

**Ní ghlacfar ach le hiarratais atá déanta ar an bhfoirm iarratais oifigiúil. Moltar d'iarrthóirí athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na treoirlínte seo sula n-ullmhófar iarratas.**

**Baineann an fhoirm iarratais seo agus na treoirlínte seo le hurraíocht do thograí le luach <u>níos mó</u> ná €400.**

**N.B: Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le dhá mhí a thógáil chun iarratas a phróiseáil.**

## 2. Coinníollacha a bhaineann le hUrraíocht a fháil

1. Ní mór do ghníomhaíochtaí a bheith á reáchtáil trí Gaeilge, nó go formhór trí Gaeilge.
2. Tabharfaidh iarrthóirí rathúla aitheantas do thacaíocht Gaeilge ABC i chuile fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht chuí a bhaineann leis an togra;
3. Caithfidh iarrthóirí rathúla cinntiú go gcloítear le gach reachtaíocht cánach ábhartha.
4. Caithfidh iarrthóirí a nUimhir Thagartha Cánach agus a nUimhir Rochtana Imréitigh Cánach a chur ar fáil sa gcás go bhfuil €5,000 nó níos mó á iarraidh;
5. Le bheith incháilithe d'urraíocht, ní mór an togra beartaithe, faoi mar a bhí sé ceadaithe ag Gaeilge ABC, a chríochnú ina iomláine. Ní mór aon athrú suntasach ar an togra a chur in iúl agus a aontú le Gaeilge ABC sula gcuirtear aon athrú suntasach i bhfeidhm;
6. Nuair nach ndéantar gné den togra faoi mar a bhí luaite san iarratas, d'fhéadfaí an maoiniú deontais a laghdú dá réir;
7. Ní mór cloí le chuile riail agus rialachán cuí ó thaobh soláthar agus cuntasaíocht airgeadais, agus caithfidh iarrthóirí rathúla cuntas iomlán a thabhairt in am tráth ar an maoiniú a bhfuair siad;
8. Is ceart doiciméadú iomlán agus cruinn i dtaca leis an gcaiteachas go léir a choimeád agus é a chur ar fáil d'fheidhmeannaigh Gaeilge ABC in am tráth;
9. Úsáidfidh iarrthóirí Lógónna Gaeilge ABC ar chuile phóstaer, fógraíocht agus comharthaíocht don imeacht.
10. Cuirfidh chuile iarrthóir rathúil sonraí teagmhála ar fáil do Gaeilge ABC chun éilimh íocaíochta agus eolais a éascú;
11. Cinnteoidh chuile iarrthóir rathúil go bhfuil clúdach cuí árachais acu don togra a bheidh idir lámha acu. Cuirfear cóip den pholasaí árachais ar fáil do Gaeilge ABC má lorgaítear é;

12. Ní mór d’iarrthóirí rathúla polasaí cosaint leanaí cuí a bheith acu agus é a chur i bhfeidhm má bhíonn baint ag daoine óga leis an togra. Cuirfear cóip den pholasaí cosaint leanaí ar fáil do Gaeilge ABC má lorgaítear san.

## 3. Tréimhsí ama do thograí

Is tréimhse 12 mhí atá i gceist. Le bheith incháilithe, caithfidh chuile chostas a bheith íoctha agus an togra a bheith curtha i gcrích taobh istigh de 12 mhí ar a mhéid tar éis don urraíocht a bheith ceadaithe ag Gaeilge ABC.

## 4. Gníomhaíochtaí gur féidir tacú leo

Ní liosta iomlán é an liosta seo a leanas agus fáiltítear roimh ghníomhaíochtaí eile a thagann le cuspóirí Gaeilge ABC, de réir mar atá siad leagtha amach i bPlean Teanga Bhearna – Chnoc na Cathrach:

- Tograí forbartha pobail;
- Seirbhísí nó imeachtaí shóisialta do theaghlaigh agus/nó do dhaoine óga;
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim in institiúid oideachais aitheanta sa gceantar;
- Ranganna, léachtaí, cainteanna nó ceardlanna trí mheán na Gaeilge;
- Imeachtaí chultúrtha nó ealaíne atá oscailte don phobal;
- Taifead ar cheol, amhránaíocht, scéalaíocht, drámaíocht nó eile a bhaineann leis an gceantar;
- Coimisiúnú ar shaothar ealaíne, amhránaíochta, drámaíochta, litríochta nó eile a bhaineann leis an gceantar;
- Imeachtaí spóirt;
- Imeachtaí turasóireachta na Gaeilge;
- Tograí a thacaíonn le caomhnú oidhreacht staire agus chultúrtha an cheantair.

## 5. Incháilitheacht

Tá na grúpaí seo a leanas i dteideal iarratas ar urraíocht a dhéanamh:

- Carthanas neamhbhrabúis;
- Eagraíochtaí pobail agus deonacha;
- Scoileanna agus seirbhísí oideachais eile;
- Soláthraithe oiliúna;
- Clubanna spórt.

Glacfar le hiarratais chomh maith ó na grúpaí seo a leanas:

- Cuideachtaí tráchtála príobháideacha;
- Eagraíochtaí brabúsacha, trádálaithe aonair san áireamh;
- Iontaobhais príobháideacha nó fondúireachtaí;
- Daoine aonair;

Ba cheart go mbeadh buntáiste pobail soiléir léirithe san iarratas. Féadfaidh go mbeidh coinníollacha ar leith leagtha síos chun leas an phobail a chinntiú mar chuid den togra.

## 6. Costais Incháilithe

Ní mór go mbeadh na costais uilig a áirítear don iarratas seo:

- Ag baint go díreach leis an togra faoi iarratas;
- Deimhnithe trí shonrasc agus admháil íocaíochta mar aon le rian iniúchta a thaispeánann gur cloíodh le riachtanais soláthair;
- Iad tabhaithe faoi dheireadh dháta seachadta an togra (12 mhí ar a mhéid ón dáta go raibh an urraíocht ceadaithe ag Gaeilge ABC).

### 6.1 Costais Neamhcháilithe

Seo liosta de chostais nach bhfuil incháilithe. Ní liosta iomlán é seo.

- Costais nach mbaineann go díreach leis an togra;
- Costais do ghníomhaíochtaí a bhfuil deiseanna maoinithe eile níos feiliúnaí ar fáil dóibh;
- Costais a íoctar taobh amuigh de thréimhse 12 mhí tar éis don urraíocht a bheith ceadaithe ag Gaeilge ABC;
- Ceannach talún nó foirgneamh;
- CBL nuair atá iarrthóirí cláraithe do CBL;
- Táillí ar nós costais ús bainc, fíneálacha, pionóis airgeadais agus costais conspóidí dlíthiúla;
- Dímheas.

## 7. Measúnú ar Iarratais

Déanfaidh feidhmeannaigh Gaeilge ABC scagadh ar an bhfoirm iarratas le cinntiú go bhfuil sé líonta isteach i gceart. Déanfar teagmháil leis an iarratasóir sa gcás go bhfuil eolas in easnamh. Má tá aon fhoinsí airgid eile ag an togra, is gá é sin a lua san iarratas. Má tá cur amach ag na feidhmeannaigh ar aon fhoinsí airgid eile nár bhaineadh úsáid astu roinnfidh siad an t-eolas seo leis an iarrthóir.

Cuirfear iarratais faoi bhráid Bord Stiúrtha (BS) Gaeilge ABC le measúnú a dhéanamh orthu. Buaileann BS Gaeilge ABC le chéile uair sa mí. Tá sé d'údarás ag BS Gaeilge ABC d'iarratas a dhiúltú. Sa gcás nach nglacann an BS Gaeilge ABC le hiarratas, beidh deis ag iarrthóirí nár éirigh leo, iad siúd a meastar a bheith neamhcháilithe san áireamh, achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.

Má ghlacann an BS Gaeilge ABC le hiarratas, eiseofar litir thairsceana chuig iarratasóirí rathúla. Níl aon ghealltanas ar chúnamh airgid ann go dtí go bhfuil litir thairsceana eisithe, sínithe ag an iarratasóir agus seolta ar ais chuig Gaeilge ABC.

## 8. Íocaíochtaí

- Íocfaidh Gaeilge ABC urraíocht atá ceadaithe isteach i gcuntas atá ainmnithe ag an iarratasóir rathúil. Caithfidh gur cuntas de chuid na heagraíochta nó cuntas in ainm an togra é. Ní cheadmhach airgead a íoc isteach i gcuntas pearsanta.

- Is féidir 30% den urraíocht a íoc nuair a fhaigheann Gaeilge ABC an litir thairsceana sínithe ar ais agus na coinníollacha réamhíocaíochta ar fad (más cuí) comhlíonta ina n-iomláine ag an iarratasóir.

- Íocfar an 70% eile go cúlghabhálach nuair a fhaigheann Gaeilge ABC an tuairisc deiridh airgeadais ón iarratasóir, ag sonrú an tslí inar caitheadh an urraíocht, le hadmhálacha srl, mar chruthúnas ar chaiteachas agus íocfar an t-iarmhéid de réir na n-admhálacha a chuirfear ar fáil.

- Beidh cead ag Gaeilge ABC gan an dara sciar, nó cuid de, a íoc má thagann sé chun solais nár lean an t-iarrasóir na treoirlínte leagtha amach acu, mar shampla imeacht nach raibh Gaeilge lárnach ann, nó aon ghníomh, aidhm nó aon ní a thagann trasna ar luachanna, aidhmeanna nó spriocanna Gaeilge ABC.

## 9. Tuairisciú

Caithfidh iarratasóirí rathúla tuairisc deiridh airgeadais a chur ar fáil do Gaeilge ABC sula ndéantar an íocaíocht deiridh ar an urraíocht.

In éineacht leis an tuairisc deiridh airgeadais, caithfidh chuile iarratasóir rathúil tuairisc a chur ar fáil do Gaeilge ABC faoin gcaoi gur éirigh leo leis an togra.

Is féidir leat foirm thuairisce a fháil uaidh optgaeilgeabc@gmail.com.

### 9.1 Neamhchomhlíonadh le téarmaí agus coinníollacha

Déileáiltear go dian le haon eolas bréagach nó míthreorach a sheoltar chuig Gaeilge ABC ag aon tráth. Aon eagraíocht nach gcloíonn leis na téarmaí agus coinníollacha thuasluaite, d’fhéadfaí an urraíocht a tharraingt siar nó d’fhéadfadh go gcaithfidh siad an urraíocht iomlán nó cuid de a aisíoc do Gaeilge ABC.

Is féidir gach fiosrúchán a sheoladh chuig optgaeilgeabc@gmail.com